

SINÉAD NÍ SHEACHNASA

14/1/36

I dtigh bhaintreabhach Uí Ghormáin, Garumna

B'as Baile Átha Cliath Sinéad Ní Sheachnasa. Bhí sí pósta ag Éamonn Ó Flaithearta as Garumna, mac do Sheán Bán Ó Flaithearta. Chuir Éamonn agus a bhean Sinéad fútha i Leitir Móir san áit a bhfuil Árus na nGardaí. Bhí na bailtí seo aca: Eanach Feadhain, Leitir Mór, Máimín, Gleann Treasna, Baile na Cille, Poll Uí Mhuirinn, Seanach a Mheas, Lios a' Druim. Bhí na tionónta ag íoc cíós leo agus iad féin ag íoc cíosa le Frionnsach Thír Eoghain.

Nuair bhí an t-earrach curtha ag na tionónta chaithfidís a bheith réidh le dhul a' doghadh céilpe faoi Lá Bealtaine. Bheadh leath na ceilpe ag Éamonn Ó Flaithearta agus an leath eile ag an té a dhéanfadh í. Bhí báid mhóra aige ag cur na ceilpe go Gaillimh. Bhíodh sé dhá mbeathú chúns mar bhí siad ag obair mar sin aige. Bhíodh campa aca ar Inis Léith agus ins na háiteacha a raibh an fheamainn dhubh fairsing, agus iad a' fanacht lá agus oidhche sa gcampa. Bhí go leor de mhuintir na háite sna báid mhóra aca. Bhí ceilp dá cur chun siubhail agus min 's fataí dá dá dtabhairt abhaile leis na fir a bheathú.

An figheadóir a theagadh isteach chuig Éamonn agus Sinéad thugaidís deis oibre dóibh. Thugaidís seol dó. Bhí saortha báid ag obair dóibh agus bhí saothrú ag an ngabha uatha de bharr déanamh na mbád, agus ag fear déanta seol agus rópaí. Is iomdha fear ceirde a dtug na Flaitheartaigh saothrú dóibh. Bhí Éamonn saidhbhir agus go leor den talamh faoi bheithidhigh aige féin.

Dreithiúr do Mháilleach na gCaorán a bhí pósta ag Seán Bán Ó Flaithearta. Bá í máthair Éamonn í. Bhí an Máilleach ina chomhnaidhe ar na Caoráin sa gCeathramha Ruadh sul má chuaidh sé go hÁrainn. Ní raibh mórán teach in Éirinn ní b'fhearr ná an teach. Bhí sé ina thionónta ag Tomás Máirtín agus bá mhó an onóir ar an Máirtíneach é. Sé an onóir ba mhó a bhí ag an Máilleach a bheith ina thionónta aige.

Bhí an Máilleach seo ag tarraing as Geansa agus bhí bairille fíona i gcomhnaidhe ina theach, an clár bainte as, agus cead ag chuile dhuine lán a shoithigh a ól as. Nuair a marbhuigheadh mart nó caora ní cuirtí salann ar aon chuid de mar roinneadh sé an fheoil agus bhíodh sí ithte sul dá mbeadh salann a' teastáil uaithe.

Bhí cáil na féile ar an Máilleach agus ní faightear cáil gan cailteannas, deirtear. D'athruigh sé go hÁrainn agus rinne sé teach breagh i gCill Éinde. Tá an teach fós ann. Is ann a bhí an Colaiste Gaedhilge. Is in aice le Teampull Bionáin atá sé. B'oncal d'fhear Shinéad an Máilleach seo.

Bhí beirt mhac ag Éamonn agus Sinéad, Máirtín Óg agus Proinnsias Óg. Cailleadh Éamonn sgathamh maith sul ar cailleadh Sinéad. Cailleadh an bheirt mhac ina bhfir óga. Bhí Sinéad beo i ndiaidh an fhir agus i ndiaidh na cloinne. Nuair a cailleadh an chlann is gearr a d'fhan sí

sa tír. Chuaidh sí go Baile Átha Cliath. Bhí dreatháir léithe ina choinsiléar agus thigeadh sé ar cuairt go minic go Leitir Móir.

Bhí Buachaillí Bána go tréan i nGorumna an uair sin, bhídís a' ag iarraidh a ndlighe féin a cheapadh agus bhí faitchíos rompa. Bhídís ag iarraidh luach a shocrú ar gach rud agus gan cead a bheitha ag duine ar bith luach a leagaidís féin ar fhataí na ar choirce a bhaint amach. Tóigeadh go leor aca agus cuireadh i bpríosún iad. Bhí Seán Ó Seachnasa dá gcosaint agus tháinig siad saor.